



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Iúil 2023
(OR. en)

12055/23

LIMITE

CORLX 769
CFSP/PESC 1107
COAFR 279
CONUN 199
COARM 196
FIN 821

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha
i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus
don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES¹ a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC).
- (2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231² mar fhreagra ar na bacainní a cuireadh ar an bpróiseas toghchánaíochta in PDC agus ar na sárúithe ar chearta an duine a bhí bainteach leo. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231, leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha breise in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES.
- (3) An 7 Iúil 2023, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ráiteas thar ceann an Aontais maidir leis an staid in PDC, inar cuireadh in iúl gur cúis mhór inní é an staid slándála agus dhaonnúil atá ag dul in olcas, agus gur díol uafáis é na leibhéil foréigin agus ainghníomhartha atá fós á ndéanamh ag grúpaí armtha neamhrialtasacha i gcoinne sibhialtach.

¹ Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30).

² Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336I, 12.12.2016, lch. 7).

- (4) I bhfianaise thromchúis na staide in PDC, measann an Chomhairle gur cheart an critéar ainmniúcháin in Airteagal 3(2), pointe (d), de Chinneadh 2010/788/CBES a leasú chun go bhféadfar bearta sriantacha spriocdhírthe a chur i bhfeidhm i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a thugann tacaíocht d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar bith, eintiteas nó comhlacht atá freagrach as an gcoibhneacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine in PDC a chothú.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin.
- (6) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe sa Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

- ‘(d) tacaíocht a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d’eintitis nó do chomhlachtaí atá freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshlándaíl a chothú in PDC;’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán